



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Fógra Rúin chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chathair Phort Láirge 2013-2019 (mar a síníodh); ar Phlean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011-2017 (mar a síníodh) agus ar Phlean Forbartha Bhaile Dhún Garbhán 2012-2018 (mar a síníodh) agus chun Plean Forbartha nua a ullmhú do Chathair agus do Chontae Phort Láirge do 2022-2028.

Céim Chomhairliúchán Poiblí don Réamh Dhréacht

Tugtar fógra leis seo, de bhun Alt 11(1) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2019, go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge tús a chur le hathbhreithniú ar na pleananna forbartha reatha seo a leanas: Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2013-2019 (mar a síníodh); Plean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011-2017 (mar a síníodh) agus Plean Forbartha Bhaile Dhún Garbhán 2012-2018 (mar a síníodh) agus go bhfuil sé i gceist Plean Forbartha nua a ullmhú do Chathair agus do Chontae Phort Láirge don tréimhse 2022-2028. Beidh an plean forbartha nua mar an chéad phlean aonadach do limistéar feidhme iomlán Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, mar a raibh soláthar déanta dó roimhe seo faoi na pleananna forbartha agus na pleananna ceantair áitiúil thuasluaite do lonnaithe na Leasa Móire, Phort Láach agus Thrá Mhór. Tabharfar faoin ullmhúchán do phlean forbartha nua ar bhonn straitéiseach ar mhaithe le cuspóirí agus polasaithe a fhorbairt a bheidh mar straitéis fhoriomlán do phleanáil chúig agus d'fhorbairt inbhuanaithe limistéar an phlean forbartha, agus a bheidh mar croístraitéis.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chúig

Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) mar chuid den bpróiseas athbhreithnithe, de bhun Alt 13B de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (SEA) 2004 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 436 de 2004), arna leasaíodh ag na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (SEA)(Leasú) 2011 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 201 de 2011). Ar mhaithe leis seo, ullmhóidh an tÚdarás Pleanála Tuarascáil Chomhshaoil, ag léiriú na dtionchar suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar an dtimpeallacht de bharr chur i bhfeidhm an phlean forbartha nua. Beidh forálacha Airteagail 13C – 13J de Rialacháin Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (mar a leasaíodh) i bhfeidhm fad is atáthar i mbun an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

Chomh maith leis seo, tabharfar faoi Scagadh do Mheasúnú Oiriúnachta (MO) Chéim a hAon (agus Measúnú Oiriúnachta, Céim a Dó, más gá) de bhun Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/EEC agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), agus Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (SFRA), ag comhlíonadh *'The Planning System and Flood Risk Management Guidelines for Planning Authorities, 2009'* mar chuid den bpróiseas chun plean forbartha a ullmhú.

Páipéar Saincheisteanna

Tógfaidh sé dhá bhliain chun Plean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge a chur le chéile agus beidh trí chéim chomhairliúcháin poiblí i gceist leis. Mar chuid den gcéad chéim, tá an tÚdarás Pleanála ag dul i mbun chomhairliúcháin phoiblí leis an bpobal go ginearálta agus le réimse leathan eagraíochtaí agus ghrúpaí leasmhara don réamh-dhréacht.

Ar mhaithe le díospóireacht a spreagadh agus rannpháirtíocht a chothú sa chéad chéim seo, tá Páipéar Saincheisteanna agus tairseach chomhairliúcháin faoi leith ar líne ullmhaithe, a thugann achoimre ar an bpróiseas a bhaineann leis an bplean a chur le chéile, mar aon le ceisteanna molta a bhaineann le forbairt sa chathair agus sa chontae. Tá cóip den bPáipéar Saincheisteanna ar fáil ag consult.waterfordcouncil.ie, chomh maith le hábhair eile a chabhróidh le tuiscint a fháil ar an bplean forbartha agus ar an bpróiseas a bhaineann leis an bplean. Is féidir cóipeanna den bPáipéar Saincheisteanna a fháil ó na háiteanna seo a leanas chomh maith, le linn gnáth-uaireanta oibre, ón Luan, 20 Iúil go dtí an Luan, 14 Meán Fómhair 2020 (an dá dháta úd san áireamh):

- Deasc um Sheirbhísí do Chustaiméirí, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Sráid Nua Bailey, Cathair Phort Láirge;
- Deasc um Sheirbhísí do Chustaiméirí, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Oifigí Cathartha, Dún Garbhán; agus
- Leabharlanna de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Imeachtaí Comhairliúcháin Poiblí

Cé gur mian le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge a chinntiú go mbeidh comhphárteachas an phobail ina dhlúth-chuid den dréacht-phlean forbartha, de bharr Covid 19 beidh gá le slite nua chun cumarsáid iomlán a dhéanamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara sa chéim roimh-dhréachtadh seo. Ar mhaithe leis an gcuispóir seo, tá sé i gceist againn roinnt seimineáir ghréasáin phoiblí a eagrú i rith na tréimhse chomhairliúcháin phoiblí. Seolfar sonraí iomlána na seimineáir seo ar an tairseach chomhairliúcháin consult.waterfordcouncil.ie agus sna meáin áitiúla. Tabharfar cuireadh do dhaoine aonaracha, do ghrúpaí, d'eagraíochtaí nó d'ionadaithe aon ghné nó aon cheisteanna ag éirí as Pleananna Forbartha Chathair Phort Láirge, Chontae Phort Láirge nó Bhaile Dhún Garbhán mar atá a phlé agus tabharfar cuireadh dóibh dul i bhfeidhm ar Phlean Forbartha nua Chathair agus Chontae Phort Láirge 2022-2028. Idir an dá linn, tugtar comhairle don bpobal dul isteach ar an tairseach chomhairliúcháin agus féachaint ar an bpáipéar saincheisteanna agus ar an ábhar gaolmhar eile atá ar fáil ar líne, ábhar atá deartha go sonrath chun éascaíocht a dhéanamh ar aighneachtaí.

Conas Aighneacht a chur isteach

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí maidir le hullmhú Phlean Forbartha nua Chathair agus Chontae Phort Láirge 2022-2028 a chur faoi bhráid an Údarás Pleanála ón Luan, 20 Iúil 2020 go dtí an Luan, 14 Meán Fómhair 2020 (an dá lá sin san áireamh) agus is féidir iad a chur faoi bhráid in aon cheann de na slite seo a leanas:

1. I scríbhinn chuig: An Pleanálaí Sinsearach, Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Áras Menapia, An Meal, Cathair Phort Láirge;

NÓ

2. Go leictreonach chuig consult.waterfordcouncil.ie

Iarrtar ort d'aighneacht a dhéanamh trí aon mhodh amháin (sé sin cóip chrua nó tríd an tairseach chomhairliúcháin ar an láithreán gréasáin). Cinnteoidh sé seo nach mbeidh dúbailt ar uimhreacha tagartha na n-aighneachtaí agus déanfaidh sé an próiseas níos éifeachtúla. Is ceart **'Plean Forbartha Cathrach agus Contae 2022-2028'** a mharcáil go soiléir ar gach aighneacht.

Iarrtar ort an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara agus aighneacht nó tuairim a chur ar aghaidh agat;

- Ní mór d'aighneachtaí a bheith bainteach le pleanáil chúig agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- Tá sé de cheart ag páistí nó grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar leas pháistí, aighneachtaí a chur isteach nó tuairimí a thabhairt maidir leis na cuspóirí agus leis na polasaithe atá de dhíth chun oll-straitéis a chur ar fáil ar mhaithe le pleanáil chúig agus forbairt inbhuanaithe limistéar an phlean forbartha.
- Tá sé i gceist ag an údarás pleanála athbhreithniú a dhéanamh ar chriosú limistéar an phlean forbartha; **sin ráite, ní chuirfear san áireamh aon iarratas nó moladh maidir le criosú thalamh faoi leith ar mhaithe le haon chuspóir sa chéim seo, an Chéim don Réamh-Dhréacht.**
- Má cheapann tú go bhfuil tú faoi mhíchumas, iarrtar ort, le d' thoil, sonraí a thabhairt d'aon riachtanais speisialta atá agat ar mhaithe le cuspóirí comhairliúcháin phoiblí, ionas gur féidir na socruithe chúig a dhéanamh, más gá.
- Mar chuid de gach aighneacht, is gá d'ainm agus do sheoladh teagmhála, léarscáil (más cuí), agus sonraí d'aon eagraíocht, grúpa pobail nó comhlacht, srl ar a bhfuil tú ionadaíoch, a thabhairt mar is cuí.

Sé an dáta deiridh ar a nglacfar le haighneachtaí don gcéim seo do réamh-dhréacht an phlean forbartha, ná an Luain, 14 Meán Fómhair 2020 ar a 4.00i.n.. Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.

Cosaint Sonraí:

Nóta: Foilseofar aighneachtaí a fhaigheann an tÚdarás Pleanála ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag consult.waterfordcouncil.ie laistigh de 10 lá oibre ón lá a fhaightear iad, maraon le d'ainm de réir an Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2018. Ní fhoilseofar do shonraí teagmhála. Iarrtar ort gan eolas pearsanta, rúnda nó aon eolas íogair eile a chur isteach mar chuid d'aighneacht. Is féidir aon cheist atá agat maidir le cosaint sonraí a sheoladh chuig: dataprotection@waterfordcouncil.ie

Michael Quinn, Stiúrthóir Seirbhísí (Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Pleanála)
Oifigeach Poiblí Ainmnithe faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015